Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI)

# Ráiteas Straitéise 2022-24

# Réamhrá

## Tógann Ráiteas Straitéise Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) ar an dul chun cinn atá déanta ag an eagraíocht ó bunaíodh é in 2012, chun muinín a chothú i measc foghlaimeoirí agus fostóirí maidir le cáilíocht an bhreisoideachais agus an ardoideachais agus na hoiliúna in Éirinn.

Tréimhse dhúshlánach ar shlite éagsúla a bheidh sa tréimhse 2022-2024, atá faoi chaibidil sa ráiteas straitéise seo, don eagraíocht. De réir mar a leanann Éire agus an chuid eile den domhan ag téarnamh ó phaindéim Covid-19, cuirfidh QQI an ról leathnaithe agus an sainchúram a thugann an tAcht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Leasú) 2019 i bhfeidhm i roinnt réimsí, rud a thabharfaidh rogha níos mó d'fhoghlaimeoirí trí rochtain d'fhorais cháiliúcháin atá liostaithe ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí a rialáil, trí chosaint níos mó a sholáthar d'fhoghlaimeoirí trínár monatóireacht ar ionracas acadúil agus trí bhunú an chiste reachtúil um chosaint foghlaimeoirí agus muinín a sholáthar do mhic léinn idirnáisiúnta trí Mharc Idirnáisiúnta Oideachais éifeachtach a bhronnadh ar sholáthraithe cáilitheacha Béarla agus ardoideachais.

Le linn na tréimhse trí bliana a chuimsítear sa straitéis, féachfaimid le níos mó luach a chur leis na hearnálacha breisoideachais agus ardoideachais agus oiliúna, trí fhoirmliú beartais a threorú, trí anailís a dhéanamh ar aschuir ár bpróisis dearbhaithe cáilíochta agus cáilíochtaí agus tríd ár dtairiscint seirbhíse do sholáthraithe a bheachtú agus a bhreisiú ar bhealach inbhuanaithe. Cuirfimid faisnéis níos fearr ar fáil d'fhoghlaimeoirí faoi na deiseanna agus na bealaí atá ar fáil dóibh chuig cáilíochtaí aitheanta agus dearbhaithe ó thaobh cáilíochta i gcóras oideachais treasach atá níos ceangailte agus níos comhtháite.

Ullmhaíodh an ráiteas seo tar éis dhul i gcomhairle go forleathan le geallsealbhóirí. Ba mhaith linn ár meas ó chroí a léiriú ar ár ngeallsealbhóirí agus dár bhfoireann uile as an méid a chuir siad le forbairt an ráitis seo agus táimid ag tnúth le dul i mbun oibre ar shlí chomhtháite lenár gcomhpháirtithe uile chun an straitéis seo a chur i bhfeidhm go rathúil.

Ms. Joanne Harmon
**Cathaoirleach**

Dr. Padraig Walsh
**Príomhfheidhmeannach**

# Ár bhFís

Geallaimid oibriú go díograiseach agus le cuspóirí i dtreo fís d'Éirinn a thairgeann oideachas fairsing ar ardchaighdeán agus deiseanna oiliúna, a chuireann ar chumas foghlaimeoirí a gcumas a chomhlíonadh trí cháilíochtaí a bhaint amach a bhfuil meas forleathan orthu go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

# Ár Misean

Coimeádann QQI muinín an phobail maidir le cáilíocht, ionracas agus clú de na soláthraithe breisoideachais agus ardoideachais in Éirinn, agus cuirimid eolas údarásach ar fáil faoin raon ilghnéitheach cáilíochtaí atá san áireamh sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

# Ár Luachanna

Bunaímid ár gcur chuige i leith ár gcuid oibre féin agus an tslí a oibrímid lenár ngeallsealbhóirí ar luachanna soiléire.

Creidimid go bhfuil **freagracht i bpáirt** againn le grúpaí eile chun muinín i gcáilíocht an oideachais agus na hoiliúna agus feabhsúchán leanúnach iontu a chinntiú. Creidimid gur fearr ár dtosaíochtaí agus ár gcuspóirí a bhaint amach trí chomhoibriú agus oibriú go cuiditheach lenár gcomhpháirtithe agus soláthraithe éagsúla. Is mór againn **comhpháirtíochtaí** ar mhaithe le leas frithpháirteach.

Geallaimid meas a léiriú ar an **oibiachtúlacht,** ar an **trédhearcacht** agus ar an **inbhuanaitheacht** inár gcuid oibre. Is é sin an bonn lenár gcinnteoireacht agus lenár mbeartais, nósanna imeachta agus gníomhaíochtaí. Bunaítear iad ar fhianaise, agus ar dhea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus seoltar iad ar shlí atá trédhearcach agus go gcothaíonn siad **muinín.**

Geallaimid difríocht a dhéanamh dár gcomhpháirtithe, dár soláthraithe agus dár bpobail. Is mór againn **an ghnóthachtáil, an léargas agus an tionchar** – an tslí a gcomhlíontar spriocanna agus cuspóirí as a leanann tionchar dearfach substaintiúil ar ár dtimpeallacht oibre.

Táimid tiomanta don **nuálaíocht agus don bharr feabhais** inár n-eagraíocht ar mhaithe lenár seirbhísí a fheabhsú go leanúnach.

# Cé muid féin agus cad é a dhéanaimid

### An Córas Cáilíochtaí

- Coinnímid an Creat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) mar chóras a ghaolaíonn leibhéil éagsúla cáilíochtaí lena chéile
- Coinnímid Clár Cáilíochtaí na hÉireann mar bhunachar sonraí cuimsitheach de na cáilíochtaí go léir atá san NFQ
- Aithnímid comhlachtaí dámhachtana agus cuirimid a gcáilíochtaí san áireamh san NFQ
- Déanaimid monatóireacht ar sholáthraithe lena chinntiú go dtugann siad deiseanna rochtana, aistrithe agus forchéimnithe d'fhoghlaimeoirí
- Cuirimid comhairle ar fáil, leis, ar aitheantas do cháilíochtaí eachtracha in Éirinn agus ar aitheantas do cháilíochtaí Éireannacha thar lear.

### Dámhachtainí QQI

- Socraímid caighdeáin do dhámhachtainí QQI
- Déanaimid measúnú ar a oiriúnaí atá soláthraithe chun dámhachtainí QQI a thairiscint
- Déanaimid cláir oideachais agus oiliúna a bhailíochtú as a leanann dámhachtainí QQI
- Bronnaimid cáilíochtaí agus eisímid teastais
- Coinnímid an ciste reachtúil um chosaint foghlaimeoirí do mhic léinn atá cláraithe in institiúidí oideachais agus oiliúna príobháideacha

### Dearbhú Cáilíocht an Oideachais agus na hOiliúna

- Eisímid treoirlínte maidir le dearbhú cáilíochta
- Ceadaímid nósanna imeachta soláthraithe um dhearbhú cáilíochta
- Déanaimid monatóireacht agus athbhreithniú ar sholáthraithe
- Cuirimid feasacht agus cothabháil chun cinn i dtaca le hionracas acadúil
- Bronnaimid an Marc Idirnáisiúnta Oideachais ar sholáthraithe ardoideachais agus ar sholáthar mhúineadh an Bhéarla

### Rannpháirtíocht, Léargais agus Comhroinnt Eolais

- Téimid i gcomhairle le geallsealbhóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta, comhoibrímid leo agus cuirimid ar an eolas iad.
- Déanaimid taighde ar dhearbhú cáilíochta agus ar cháilíochtaí sa chóras treasach oideachais agus tugaimid tuairisc ar thoradh an taighde sin.
- Téimid i gcomhairle le foghlaimeoirí agus grúpaí foghlaimeora, agus tugaimid rannpháirt dóibh i gcomhlíonadh ár bhfeidhmeanna lárnacha.
- Forbraímid tionscnaimh feabhsaithe agus eagraímid imeachtaí atá dírithe chun dea-chleachtas a roinnt le geallsealbhóirí

# Buneolas agus Comhthéacs

Feidhmíonn QQI i dtimpeallacht chasta, a mbraitheann raon leathan institiúidí agus geallsealbhóirí air agus a mbíonn tionchar ag raon leathan institiúidí agus geallsealbhóirí air. Mar chomhlacht reachtúil, sainítear ár bpríomhfheidhmeanna agus inniúlachtaí sa dlí, ach tá ár dtosaíochtaí agus ár n-úsáid acmhainní faoi réir athmheastóireacht thréimhsiúil i bhfianaise athruithe sa timpeallacht. Is é seo an ceathrú Ráiteas Straitéise de chuid QQI ina mbeartaítear na tosaíochtaí sin a chur in iúl do na trí bliana amach romhainn agus tá sé i gceist sa chuid seo aird a tharraingt ar na tosca comhshaoil sin a raibh tionchar ar leith acu ar a fhorbairt.

### COMHLEANÚNACHAS NÍOS FEARR A GHEALLADH

Áiríodh sa Rialtas nua a bunaíodh i mí an Mheithimh 2020 den chéad uair Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Tá QQI faoi choimirce na Roinne nua seo. Is í straitéis na Roinne an príomh-chomhthéacs beartais phoiblí do straitéis QQI féin. Leagtar amach anseo conas a chuirfidh QQI leis an gclár oibre chun Éire a mhúnlú mar oileán nuálaíochta, tallainne, ceannaireachta idirnáisiúnta, uilechuimsitheachta agus rannpháirtíochta.

Mar ghníomhaireacht de chuid na Roinne, tá QQI páirteach ina mhisean, mar atá mínithe ina Ráiteas Straitéise 2021-2023 chun:

> *Córais bhreisoideachais agus ardoideachais agus taighde na hÉireann a fhorbairt chun tacú le daoine a lánacmhainneacht a bhaint amach agus chun luach, rathúnas, athléimneacht agus sochaí comhtháite, inbhuanaithe agus beoga a chruthú.*

Leis seo, leagaimid amach an chaoi go gcuirfimid leis an gclár oibre atá dírithe ar Éire a athchruthú mar oileán nuálach agus cuimsitheach, ina mbíonn rannpháirtíocht, ceannaireacht idirnáisiúnta, agus talann lárnach.

Is í a raon feidhme an teachtaireacht agus an uaillmhian uileghabhálach ó ghníomh an Rialtais i mbunú na Roinne. Cuimsíonn sí breisoideachas, ardoideachas agus taighde agus tá dlúthghaol idir a sainordú siúd agus sainordú QQI. Le deich mbliana anuas tá cur chuige comhtháite ag QQI maidir le cáilíocht agus cáilíochtaí sa chóras treasach i ngach roinn de – breisoideachas agus ardoideachas, oideachas agus oiliúint, teagasc agus taighde, poiblí agus príobháideach. Tá comhtháthú den sórt céanna ar chodanna éagsúla den chóras treasach aitheanta anois mar phríomhdhúshlán ar leibhéal an bheartais náisiúnta. Is é an cuspóir náisiúnta comhleanúnachas agus soghluaisteacht níos mó a chur chun cinn idir fo-chórais threasacha a d'fhás ar bhealaí institiúideacha éagsúla, agus ag an am céanna cosaint a thabhairt do na cosáin éagsúla inar féidir le foghlaimeoirí dul chun cinn agus a mbuanna aonair a fhorbairt. Ar bhealaí éagsúla, dírítear ar an dúshlán seo tríd an Straitéis Náisiúnta Breisoideachais agus Oiliúna (FET) 2020-24, tríd an bPlean Gníomhaíochta do Phrintíseacht 2021 – 2025, agus tríd an dlí nua atá beartaithe don Údarás um Ardoideachas, a dtugann gach ceann acu tascanna nua agus béimeanna nua do QQI freisin.

Cuid lárnach d'obair QQI i leith chomhtháthú an chórais threasaigh is ea a mhaoirseacht ar an gcóras cáilíochtaí. Le bliain anuas, rinne QQI an Creat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) a athnuachan, rinne sé tagairtí an Chreata do chreataí cáilíochtaí na hEorpa a nuashonrú agus d'fhoilsigh sé páipéar glas comhairleach ar an gcóras cáilíochtaí. Leagann na céimeanna seo an bhunchloch do thionscnaimh bhreise chun an córas a nuachóiriú agus a chomhtháthú. Tá treochtaí idirnáisiúnta agus geallsealbhóirí sa bhaile ag éileamh go ndéanfar cáilíochtaí agus micrea-dhintiúir a dhigitiú agus go n-aithneofaí foghlaim a bhí creidiúnaithe roimhe seo agus foghlaim neamhfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil.

Príomhsprioc i straitéis na Roinne is ea buanna gach duine a chothú, trí rochtain a thabhairt dóibh ar a dturas uathúil trí fhoghlaim ar feadh an tsaoil. Tugtar i Straitéis 10 mbliana na hÉireann don *Litearthacht, Uimhearthacht agus Litearthacht Dhigiteach d'Aosaigh* an Rialtais breac-chuntas ar thacaíochtaí do roinnt príomhchéimeanna ar an turas seo, mar a dhéanfar sa *Phlean Náisiúnta Rochtana 2022-26* atá faoi chomhairliúchán faoi láthair. Tacaímid leis an turas seo d'fhoghlaimeoirí trí na gnéithe bonneagair mar an creat cáilíochtaí le bealaí cáilíochtaí agus dearbhú cáilíochta ar sholáthraithe agus ar chlár oideachais d'aosaigh. Tacaímid freisin le foghlaimeoirí aonair agus lena dteaghlaigh trí fhaisnéis a sholáthar dóibh go díreach, mar shampla, tríd an mbunachar sonraí náisiúnta foghlaimeoirí, Qualifax, agus trí bhunachar sonraí aitheantais NARIC.

Tá ár n-earnálacha breisoideachais agus ardoideachais ag athrú, ag glacadh róil nua, dhinimiciúla agus chomhlántacha go náisiúnta agus go réigiúnach. Trí mheán ár ngníomhaíochtaí dearbhaithe cáilíochta, feabhsúcháin agus athbhreithnithe le soláthraithe, tá ról tábhachtach ag QQI maidir le trédhearcacht a sholáthar, muinín a chothú agus tacú le barr feabhais a bhaint amach in institiúidí oideachais agus oiliúna. Is samplaí iad na hathbhreithnithe tionscnaimh ar Bhoird Oideachais agus Oiliúna, agus ar Ollscoileanna Teicneolaíochta, den chaoi a bhfuil cáilíocht leabaithe ar fud aonáin chasta agus den chaoi ar féidir le QQI dearcthaí nua a thabhairt ón mbaile agus ó thar lear chun an cháilíocht a sholáthraíonn soláthraithe a chinntiú.

Déantar aithris i ról QQI chun cáilíocht ollscoileanna mar institiúidí taighde agus mar shuíomhanna teagaisc araon a dhearbhú go seachtrach ar an uaillmhian náisiúnta luaite chun beartas le haghaidh misin oideachais agus taighde a chomhcheangal.

## TRÉIMHSE CHORRAITHEACH A RAIBH IARMHAIRTÍ AIR

Chuir paindéim Covid-19 isteach go mór ar ár saol agus ar ár gcóras oideachais ó 2020. Mar thoradh ar dhlúth-theagmháil QQI le soláthraithe an chórais threasaigh tá baint dhíreach cheana féin leis an obair chun an tionchar ar theagasc agus ar fhoghlaim ar mhic léinn reatha agus ar a n-institiúidí a mheas. Tiocfaidh iarmhairtí fadtéarmacha na paindéime in athuair sna blianta amach romhainn. In Éirinn, mar is amhlaidh ar fud an domhain, tá saineolaithe agus lucht déanta beartas ag iarraidh go práinneach na héifeachtaí seo a bhreathnú agus a thuar agus tá QQI ag leanúint na bhforbairtí seo go gníomhach.

Ba é conclúid ár n-athbhreithnithe ar éifeachtaí luatha na paindéime *Meastóireacht ar Thionchar na Mionathruithe COVID-19 ar Mhúinteoireacht, Foghlaim agus Measúnú* gur féidir linn a bheith muiníneach go mór mór go raibh a dtorthaí foghlama beartaithe bainte amach ag an gcuid is mó de chohórt 2020 na mac léinn treasach. Ní eisceachtaí suntasacha ann. Mhéadaigh an phaindéim deighiltí a bhí ann cheana sa tsochaí, a léirítear sna grúpaí mac léinn comhfhreagracha. Aibhsíodh na bearnaí seo in obair mhionsonraithe a rinne grúpa oibre COVID-19 na Roinne ar mhíbhuntáiste oideachais a mhaolú.

Mar shampla, ba lú an seans go gcríochnódh mic léinn ag Leibhéil 1-4 den NFQ a gcláir agus go bhfaighidís a gcáilíochtaí in 2020 de bharr na paindéime ná i gcás iad siúd atá ar leibhéil níos airde.

Toisc gur lean na srianta sláinte poiblí isteach in 2021 agus go gcuireann siad isteach ar shaol pearsanta agus oideachasúil na bhfoghlaimeoirí, is féidir linn muinín níos lú a bheith againn go bhféadfadh nach mbeadh 'caillteanas foghlama' suntasach ann ar fud phobal iomlán na mac léinn. Is féidir nach bhfuil lucht fágála scoile agus daoine eile atá ag dul ar aghaidh chuig breisoideachas agus ardoideachas chomh hullamh céanna a bhíonn mic léinn de ghnáth dá gcúrsaí staidéir. Is féidir go bhfaighidh siad siúd atá ag dul ar aghaidh chuig an ionad oibre amach nach bhfuair siad an deis cuid de na scileanna traidisiúnta a mbeifear ag súil leo a shealbhú nó gur athraigh na scileanna a theastaíonn de réir mar a rinne an phaindéim an t-ionad oibre féin a athrú. Ar an rialtas, gníomhaireachtaí, soláthraithe agus gníomhaithe eile sa chóras go ginearálta atá an fhreagracht as bearta a cheapadh chun na bearnaí seo a aithint aagus a líonadh. Comhlíonfaidh QQI a pháirt sa phróiseas seo agus muid ag leanúint ar aghaidh ag rianú príomhcheisteanna tríd ár n-obair dheimhniúcháin, bailithe sonraí agus anailíse, agus trí ghealltanais dearbhaithe cáilíochta le soláthraithe oideachais.

Chuaigh na srianta ar thaisteal idirnáisiúnta go mór i bhfeidhm ar mhic léinn idirnáisiúnta. Bhí an tionchar an-suntasach i gcás scoileanna Béarla. Féachann straitéis nua oideachais idirnáisiúnta na Roinne le bealach a rianú chuig téarnamh láidir, inbhuanaithe agus faoi threoir cáilíochta d'earnáil oideachais idirnáisiúnta na hÉireann, ceann ina mbeidh ról feabhsaithe ag QQI.

Tá sé beartaithe an córas oideachais treasach a leathnú. Táthar ag cur leis an éileamh a bhí ag fás cheana féin trí mhéadú ar lucht fágála na scoile, trí riaráistí a spreag an phaindéim i réimsí cosúil le printíseachtaí, agus laghdú ar dheiseanna fostaíochta sa chúlú iar-phaindéimeach. Tá riachtanais athoiliúna ann freisin a eascraíonn as athruithe tobanna de dheasc na paindéime laistigh d'earnálacha tionscail agus as treochtaí fadtéarmacha a bhaineann leis an tóir ar fhás inbhuanaithe.

Ceann de na tionchair is drámatúla agus is infheicthe ar an bpaindéim san oideachas agus san oiliúint ná an glacadh iomlán leis an teicneolaíocht ar líne chun tacú le teagasc, foghlaim agus measúnú. Cé gur cheart go gcuirfí tús arís leis an múineadh pearsanta mar thoradh ar mhaolú na srianta sláinte poiblí, chuaigh a éifeachtaí a bhí na roghanna malartacha go mór i bhfeidhm ar go leor acu. Tá mic léinn agus múinteoirí araon tar éis a bheith tumtha gan dul as isteach san fhoghlaim agus sa mheasúnú ar líne, agus tá siad anois ag déanamh meastóireachta ar cad iad na heilimintí ar chóir a choinneáil agus cé na cleachtais thraidisiúnta nach bhfillfidh. Ní féidir roinnt scileanna, áfach, a shealbhú nó a chleachtadh ach i suíomhanna fisiciúla mar shaotharlanna, turais allamuigh nó áiteanna oibre. Beidh ar chláir agus áiseanna oiriúnú d'ionchais nua. Tá róil ag QQI maidir leis na cleachtais athraitheacha seo a threorú agus maidir leis an gcaoi a gcuireann soláthraithe i bhfeidhm iad a mheas agus a chomhroinnt.

### SAINORDÚ ATÁ AG ÉIRÍ NÍOS LEITHNE

Sular bunaíodh an Roinn nua agus sular thosaigh an phaindéim, bhí sraith feidhmeanna nua sannta cheana féin ag an Oireachtas do QQI san Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Leasú), 2019. Tá na feidhmeanna seo le cur ar fáil de réir a chéile sna blianta beaga amach romhainn. Cuimsíonn siad rialacháin do sholáthraithe príobháideacha oideachais threasach, ciste nua chun foghlaimeoirí a chosaint nuair a scoirfidh soláthraithe príobháideacha de bheith ag feidhmiú, cuimsiú cáilíochtaí breise agus comhlachtaí

dámhachtana sa NFQ, bearta chun cur i gcoinne caimiléireacht chonartha, agus marc oideachais idirnáisiúnta chun tacú le caighdeáin do mhic léinn idirnáisiúnta in earnálacha an ardoideachais agus an Bhéarla. Is comhartha muiníne in QQI an fhorbairt seo agus is dúshlán í don eagraíocht na feidhmeanna seo a chur i bhfeidhm go héifeachtúil agus go héifeachtach. Léiríonn sé an chéad leathnú ar chumhachtaí agus ar fhoireann QQI ó 2012.

## CRÍOCH

Is timpeallacht an-dúshlánach í do QQI an timpeallacht oibriúcháin atá ag teacht chun cinn. Chomh maith le freagrachtaí reachtúla breise a ghlacadh i réimsí na cosanta d'fhoghlaimeoirí, tuilleadh forbartha ar an NFQ agus oideachas Béarla, tá iarmhairtí tromchúiseacha ag iarmhairtí leanúnacha phaindéim COVID-19 ar fud na hearnála oideachais threasaigh. Go háirithe, is saincheisteanna lárnacha iad an t-ionchas go mbeidh 'caillteanas foghlama' ann, an gá le bealaí aistrithe agus dul chun cinn níos mó agus níos inrochtana sa bhreisoideachas agus san ardoideachas. Is dúshláin bhreise é úsáid éifeachtach na foghlama ar líne agus ionracas a chinntiú i measúnuithe ar líne. Is féidir na dúshláin leanúnacha a bhaineann le hacmhainn a thógáil agus tiomantas i leith cáilíochta sna hearnálacha oideachais agus oiliúna a chur leis seo. Faoi dheireadh, tá dúshlán ann tacú le huaillmhian luaite an Rialtais comhleanúnachas agus comhtháthú níos mó a bhaint amach ar fud an chórais threasaigh, dúshlán a mbeifear ag súil go mbeidh ról suntasach éascaithe ag QQI ann, mar gheall ar a shainchúram a thrasnaíonn an chórais threasaigh iomláin.

# Ár nUaillmhian

**Le linn chúrsa na straitéise seo, rachaidh QQI i dteagmháil leis na príomhpháirtithe leasmhara go léir chun na chéad chéimeanna eile a theastaíonn le haghaidh córas cáilíochtaí níos dinimiciúla a ghlacadh. Faoi dheireadh fhráma ama na straitéise seo, beidh níos mó rogha ag foghlaimeoirí trí dhámhachtainí na gcomhlachtaí dámhachtana liostaithe agus raon leathnaithe micrea-dhintiúir a áireamh sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ).**

Beidh faisnéis níos fearr d'fhoghlaimeoirí ar fáil trí shuíomh Gréasáin nua QQI, seirbhís Qualifax feabhsaithe agus Clár Cáilíochtaí na hÉireann ina mbeidh faisnéis mhionsonraithe faoi conas rochtain a fháil ar na cáilíochtaí breisoideachais agus ardoideachais uile atá san áireamh sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

Beidh cosaint níos fearr ag foghlaimeoirí trí fhorálacha nua an Achta um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Leasú) 2019 a chur i bhfeidhm i réimsí mar ionracas acadúil, cosaint ó chaillteanas airgeadais agus oideachas do mhic léinn idirnáisiúnta.

Faoi dheireadh 2024, beidh athbhreithniú cáilíochta institiúideach déanta ar gach soláthróir poiblí breisoideachais agus ardoideachais agus úsáidfidh QQI torthaí na meastóireachtaí seo chun todhchaí nuálaíoch a mhúnlú do dhearbhú cáilíochta institiúideach a mhairfidh níos faide ná an fráma ama straitéiseach seo. Táimid ag súil go mbeidh níos mó neamhspleáchais faighte ag roinnt soláthraithe ardoideachais príobháideacha aibí trí údarás tarmligthe a fháil chun a ndámhachtainí féin a dhéanamh.

Mar fhocal scoir, mar an t-aon ghníomhaireacht le sainchúram a chuimsíonn gach cuid de na hearnálacha breisoideachais agus ardoideachais, bainfidh QQI gach leas as a seasamh uathúil laistigh de líonraí piaraí idirnáisiúnta agus as a anailís neamhspleách féin chun dintiúir ceannaireacht smaointeoireachta láidre agus inchreidte a bhunú i gcúrsaí dearbhaithe cáilíochta agus cáilíochtaí. Agus é sin á dhéanamh againn, tacóimid le fís náisiúnta d'Éirinn ina mbeidh córas breisoideachais agus taighde a thacaíonn le daoine chun a lánacmhainneacht a bhaint amach agus a chruthaíonn luach, rathúnas, athléimneacht agus sochaí chomhtháite, inbhuanaithe agus beoga.

# Tosaíochtaí, Cumasóirí, Cuspóirí agus Táscairí Dúinn

Cuireann ár n-anailís ar an tírdhreach oideachais agus oiliúna atá ag teacht chun cinn béim ar an ngá le fócas níos mó ar bhearta chun na deiseanna d'fhoghlaimeoirí a fheabhsú go díreach agus ag an am céanna leanúint lenár n-iarrachtaí chun cultúr cáilíochta a thógáil laistigh dár dtacar soláthraithe éagsúla oideachais agus oiliúna. I gcásanna áirithe, ciallaíonn ár sainordú gur féidir linn tionchar díreach a bheith againn trínár n-iarrachtaí féin. Mar sin féin, áfach, is é an ról atá againn ná bheith mar phríomh-idirghabhálaí laistigh den éiceachóras oideachais agus oiliúna i gcoitinne. Maidir leis seo, is féidir linn athrú agus feabhsúchán a éascú in dhá phríomhréimse: léargas ábhartha, tráthúil, inchreidte agus neamhspleách a sholáthar chun tuiscint níos fearr ar shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn a chur chun cinn agus chun tacú le foirmliú agus cur i bhfeidhm meicníochtaí chun díriú ar na fadhbanna seo. Tá sé intuigthe maidir leis seo go bhfuil tiomantas ann oibriú i gcomhar lenár dtacar geallsealbhóirí éagsúla chun athrú a chur i gcrích. Gan tiomantas agus dílseacht ár bhfoirne, infheistíocht stuama ár n-acmhainní airgeadais teoranta agus ár mbonneagar teicneolaíochta éifeachtach, is beag rath a bheadh ar ár n-iarrachtaí. Dá réir sin, tá an tsraith príomhthosaíochtaí agus cumasóirí seo a leanas aitheanta againn chun ár gcuid oibre a threorú agus ár n-acmhainní a dhíriú thar shaolré na straitéise seo.

### TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH

**#faisnéis**
Faisnéis agus deiseanna níos fearr d'fhoghlaimeoirí

**#cosaint**
Rialáil neartaithe a chur i bhfeidhm chun foghlaimeoirí a chosaint

**#forbairt**
Forbairt soláthraithe a thiomáint agus a spreagadh

**#léargas**
Anailís agus léargas údarásach a fhoilsiú

### PRÍOMHCHUMASÓIR

**#comhpháirtíocht**
comhpháirtíochtaí straitéiseacha a neartú chun athrú córais a chur i bhfeidhm

**#barr feabhais**
Barr feabhais eagraíochtúil a bhaint amach

# Tosaíocht straitéiseach

**#FAISNÉIS**

Faisnéis agus deiseanna níos fearr d'fhoghlaimeoirí

## Cuspóirí

- Cuirfimid faisnéis ar ardchaighdeán ar fáil do lucht fágála na scoile agus dóibh siúd go léir atá ag lorg deiseanna foghlama ar bhealaí dul chun cinn ar fud agus idir institiúidí éagsúla sa bhreisoideachas agus san ardoideachas trí uasghrádú a dhéanamh ar ardáin agus seirbhísí faisnéise cáilíochtaí QQI
- Déanfaimid ár gcion chun a chinntiú gur féidir le foghlaimeoirí a n-acmhainneacht a bhaint amach laistigh den chóras breisoideachais agus ardoideachais trí mheas a dhéanamh ar cibé an gcloíonn soláthraithe le cur chuige náisiúnta i leith rochtana, aistrithe agus dul chun cinn agus an dtugtar an t-aitheantas cuí a thabhairt don réamhfhoghlaim
- Feabhsóimid roghanna agus deiseanna foghlaimeoirí trí raon méadaithe cáilíochtaí solúbtha, micrea-dhintiúir ina measc, a áireamh sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí
- Déanfaimid ár gcion le cinntiú go gcuirtear ar chumas gach foghlaimeora rochtain a fháil ar cháilíochtaí creidiúnaithe i dtimpeallachtaí foghlama atá oiriúnach dá riachtanais lena n-áirítear san ionad oibre
- Beidh ról lárnach againn i gcinntiú go mbeidh rochtain ag foghlaimeoirí ar raon leathan clár nua printíseachta ar ardchaighdeán sa bhreisoideachas agus san ardoideachas

## Príomhtháscairí Feidhmíochta

- Tá méadú ar úsáid agus ar shástacht le hardáin faisnéise cáilíochtaí QQI
- Déanann an Fóram Náisiúnta um Cháilíocht agus Cháilíochtaí éascú agus cumasú ar phlé agus ar fhorbairt an gcórais cháilíochta agus cáilíochtaí
- Léiríonn féinmheastóireachtaí agus athbhreithnithe institiúideacha go nglactar le leasuithe ar an gcur chuige náisiúnta i leith rochtana, aistrithe agus dul chun cinn, rud a chuireann níos mó deiseanna ar fáil d'fhoghlaimeoirí
- Tá fianaise ann go bhfuil teagmháil dhearfach ag foghlaimeoirí leis an raon méadaithe cáilíochtaí san NFQ lena n-áirítear micrea-cháilíochtaí QQI
- Cumasaíonn an próiseas clárbhailíochtaithe rochtain ar cháilíochtaí creidiúnaithe QQI lena n-áirítear comhpháirteanna foghlama san ionad oibre
- Tá méadú ar líon na gclár printíseachta nua arna mbailíochtú ag QQI

# Tosaíocht straitéiseach

#COSAINT
Rialáil neartaithe a chur i bhfeidhm chun foghlaimeoirí a chosaint

## Cuspóirí

- Cosnóimid foghlaimeoirí trí fheasacht ar ionracas acadúil a chur chun cinn agus a chothabháil agus monatóireacht a dhéanamh orthu siúd atá ag iarraidh an bonn a bhaint de
- Déanfaimid measúnú agus monatóireacht láidir ar sholáthraithe príobháideacha maidir lena oiriúnaí atá siad chun dámhachtainí QQI a thairiscint agus slándáil a sholáthar dá bhfoghlaimeoirí trínár maoirseacht ar an gciste reachtúil cosanta d'fhoghlaimeoirí.
- Cabhróimid chun eispéireas foghlama ar ardchaighdeán a chinntiú d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta tríd an Marc Idirnáisiúnta Oideachais a eisiúint do sholáthraithe ardoideachais agus do sholáthraithe mhúineadh an Bhéarla

## Príomhtháscairí Feidhmíochta

- Tá fianaise ann go bhfuil feasacht níos airde ann ar ionracas acadúil agus ar na rioscaí a bhaineann le mí-iompar acadúil
- Chláraigh soláthraithe príobháideacha leis an scéim náisiúnta um Chosaint d'Fhoghlaimeoirí Cláraithe agus tá siad tar éis pas a fháil i bpróiseas láidir monatóireachta ar a bheith oiriúnach chun dul i mbun oibre
- Éiríonn le soláthraithe a chomhlíonann na critéir an Marc Idirnáisiúnta Oideachais a ghnóthú

# Tosaíocht straitéiseach

**#FORBAIRT**
Forbairt soláthraithe a thiomáint agus a spreagadh

## Cuspóirí

- Beidh cainteanna againn le soláthraithe oideachais pobail chun rochtain a chinntiú dá bhfoghlaimeoirí ar cháilíochtaí oideachais agus oiliúna sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí lena n-áirítear trí oibriú i gcomhpháirtíocht le Boird Oideachais agus Oiliúna nuair is cuí
- Tacóimid le hacmhainn chun cláir sholúbtha agus nuálach a fhorbairt agus chun dearbhú cáilíochta láidir a bhaint amach sna Boird Oideachais agus Oiliúna
- Déanfaimid measúnú ar éifeachtacht agus leabú an dearbhaithe cáilíochta sna hollscoileanna teicneolaíochta nua atá ag athrú i gcónaí trínár n-athbhreithnithe cáilíochta institiúideacha
- Éascóimid uathriail agus solúbthacht mhéadaithe do sholáthraithe aibí trína chur ar a gcumas údarás tarmligthe a lorg chun a ndámhachtainí féin a dhéanamh
- Spreagfaimid ollscoileanna uathrialacha chun a thaispeáint cé chomh héifeachtach agus atá siad ag déanamh monatóireachta agus ag feabhsú cháilíocht eispéireas an fhoghlaimeora, an taighde agus na rannpháirtíochta pobail

## Príomhtháscairí Feidhmíochta

- Tugtar tacaíocht do sholáthraithe oideachais pobail chun rochtain leanúnach dá bhfoghlaimeoirí ar cháilíochtaí ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí a chumasú
- Tá fianaise ann ar fhorbairt clár solúbtha agus nuálach sna Boird Oideachais agus Oiliúna a léirítear trí chaidreamh idir QQI agus na Boird Oideachais agus Oiliúna
- Taispeántar fianaise go soiléir i dtorthaí na bpróiseas athbhreithnithe cáilíochta institiúideach ar dhearbhú cáilíochta éifeachtach in ollscoileanna teicneolaíochta
- Déanann soláthraithe aibí iarratas ar údarás tarmligthe agus éiríonn leo údarás a fháil chun a gcuid dámhachtainí féin a dhéanamh
- Taispeántar fianaise i dtuarascálacha monatóireachta agus athbhreithnithe institiúideacha QQI ar fheabhsú in eispéireas an fhoghlaimeora, i dtaighde agus i rannpháirtíocht an phobail

# Tosaíocht straitéiseach

**#LÉARGAS**
Anailís agus léargas údarásach a fhoilsiú

## Cuspóirí

- Déanfaimid anailís ar an gcóras breisoideachais agus ardoideachais chun bonn eolais a chur faoi ailíniú agus comhtháthú níos dlúithe, chun fianaise a sholáthar ar an gcaoi ar féidir leis rogha níos leithne a sholáthar ag pointí trasdula agus bealaí dul chun cinn a chumasú ar fud institiúidí éagsúla agus eatarthu
- Déanfaimid anailís agus soláthróimid léargas ar shonraí agus ar threochtaí dámhachtainí QQI chun soláthraithe, lucht déanta beartas, gníomhaireachtaí maoinithe agus straitéisí rialtais a chur ar an eolas
- Déanfaimid meastóireacht ar eispéireas na cianfhoghlama agus na foghlama cumaiscthe agus tabharfaimid treoir maidir le measúnú barántúil d'eispéireas agus toradh feabhsaithe d'fhoghlaimeoirí
- Tarraingeoimid ar ár líonraí suntasacha idirnáisiúnta piarghníomhaireachtaí chun leanúint ar aghaidh ag cuidiú le comhairliúcháin bheartais náisiúnta agus tionchar a imirt orthu
- Foilseoimid anailísí ar leibhéal an chórais agus óstálfaimid imeachtaí feabhsúcháin lena n-áirítear imeacht mullaigh bliantúil le príomhpháirtithe leasmhara ar phríomhthéama straitéiseach a chuimsíonn cáilíocht agus cáilíochtaí
- Déanfaimid anailísí ar leibhéal an chórais ar thorthaí athbhreithnithe cáilíochta breisoideachais agus ardoideachais chun bonn eolais a chur faoi chur chuige nua agus nuálaíoch i leith dearbhú cáilíochta institiúideach

## Príomhtháscairí Feidhmíochta

- Déanann príomhthionchairí i gcúrsaí oideachais agus oiliúna úsáid as tuarascálacha tagartha earnála agus anailíseacha arna dtáirgeadh ag QQI agus tagraíonn siad dóibh
- Tá fianaise ann ar athruithe institiúideacha ar chleachtais i measúnú foghlaimeoirí, agus aiseolas dearfach ó sholáthraithe agus ó fhoghlaimeoirí ar athruithe a rinneadh
- Tá piarshaineolaithe idirnáisiúnta ag gabháil dár dtionscnaimh chun dea-chleachtas i soláthraithe agus sa bheartas náisiúnta a spreagadh
- Tá réimse leathan institiúidí agus gníomhaireachtaí gafa go dearfach le tionscnaimh feabhsúcháin QQI
- Féachtar ar Éirinn mar thír cheannródaíoch i bhforbairt modheolaíochtaí nuálacha do dhearbhú cáilíochta institiúideach

# Tosaíocht straitéiseach

**#COMHPHÁIRTÍOCHT**
Comhpháirtíochtaí straitéiseacha a neartú chun athrú córais a chur i bhfeidhm

## Cuspóirí

- Déanfaimid ár ndícheall chun tionchar a imirt ar bheartas tríd an teagmháil atá againn leis an rialtas, le cisteoirí poiblí, le soláthraithe agus le páirtithe leasmhara eile
- Cabhróimid le meicníochtaí a fhorbairt chun go mbeidh guth éifeachtach ag foghlaimeoirí i gcáilíocht a gcuid oideachais agus oiliúna trínár gcuid oibre le hionadaithe foghlaimeoirí agus comhlachtaí abhcóideachta
- Déanfaimid forbairt acmhainne sna Boird Oideachais agus Oiliúna a spreagadh i gcomhpháirtíocht straitéiseach le húdaráis mhaoinithe, comhlachtaí ionadaithe do sholáthraithe agus páirtithe leasmhara eile
- Cabhróimid chun an forluí i gcleachtais meastóireachta clár a laghdú trí oibriú le comhlachtaí rialála gairmiúla agus reachtúla agus le hinstitiúidí ardoideachais
- Leanfaimid orainn de thionchar a imirt agus de chabhrú chun dea-chleachtas i ndearbhú cáilíochta agus i gcáilíochtaí a bhaint amach trínár gcaidrimh straitéiseacha le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta san Eoraip agus ar fud an domhain a dhoimhniú

## Príomhtháscairí Feidhmíochta

- Tá fianaise ann gur ghlac geallsealbhóirí le príomhbheartais agus le próisis a thagraíonn/a admhaíonn foilseacháin, tuairimí agus sonraí QQI
- Tá fianaise ar ghuth na mac léinn agus ar chomhpháirtíocht na mac léinn le feiceáil maidir le tionchar a imirt ar bheartais, nósanna imeachta agus próisis rialachais ar leibhéal an chórais
- Tá acmhainn fheabhsaithe i mBoird Oideachais agus Oiliúna le feiceáil trí thionscnaimh mhaoinithe atá dírithe ar chumas foirne feabhsaithe d'fhorbairt clár agus do dhearbhú cáilíochta
- Tá fianaise ar ailíniú níos fearr idir an Comhlacht Rialála Gairmiúil agus Reachtúil, QQI agus gníomhaíochtaí soláthraithe le feiceáil trí príomhphrionsabal le haghaidh caidreamh gairmiúil le soláthraithe a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm
- Léirítear meas go leanúnach ar ár Meabhrán Tuisceana agus ar ár gcomhaontuithe idirnáisiúnta le comhpháirtithe straitéiseacha agus formhuinítear iad mar aitheantas ar a gcomhchuspóirí lena n-áirítear comhroinnt an dea-chleachtais

# Tosaíocht straitéiseach

**#BARR FEABHAIS**

Barr feabhais eagraíochtúil a bhaint amach

## Cuspóirí

- Déanfaimid deiseanna dár ndaoine óga a fhorbairt agus a sholáthar trí iarrachtaí leanúnacha chun lucht saothair lúfar, gafa, freagrúil agus spreagtha a chur le chéile
- Déanfaimid ionad oibre QQI a atheagrú trí TFC a úsáid le haghaidh obair chianda agus obair chumaisc agus inbhuanaitheacht a leabú inár bpróisis oibre
- Oibreoimid leis an Roinn chun a chinntiú go bhfuil sruthanna ioncaim ag QQI, atá cobhsaí, intuartha agus inbhuanaithe
- Cuirfimid feabhas ar ár seirbhísí do sholáthraithe trí theicneolaíocht féinseirbhíse níos fearr agus trédhearcacht fheabhsaithe maidir lenár dtáillí agus ár muirear
- Cuirfimid feabhas ar ár seirbhís d'fhoghlaimeoirí tríd ár gcórais deimhniúcháin a athrú go foirm dhigiteach
- Déanfaimid ár luach dár ngeallsealbhóirí a uasmhéadú trí úsáid straitéiseach a bhaint as cumarsáid a bhfuil cuspóir leis agus tionchar aige
- Léireoimid dea-chleachtas maidir lenár rialachas feidhmiúil agus corparáideach de réir an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus ó thaobh cloí le hoibleagáidí ábhartha reachtaíochta agus rialála

## Príomhtháscairí Feidhmíochta

- Tugann suirbhéanna le fios gur ionad oibre é QQI a thacaíonn le forbairt foirne agus a thairgeann eispéireas oibre cumaiscthe atá oiriúnach don fheidhm
- Is fianaise ar inbhuanaitheacht é an laghdú ar lorg comhshaoil / carbóin QQI
- Tá na scileanna agus an saineolas cuí agus an acmhainn airgeadais a theastaíonn chun ár straitéis eagrúcháin a bhaint amach gnóthaithe ag QQI
- Taispeánann sonraí cainníochtúla trácht méadaithe ar láithreáin ghréasáin chuig ár seirbhísí uile ar líne agus méadú ar a n-úsáid
- Cuireann geallsealbhóirí leibhéil dhearfacha sástachta in iúl maidir le córais deimhnithe digiteacha a chur i bhfeidhm
- Tá méadú ar rannpháirtíocht agus ar shástacht geallsealbhóirí lenár gcumarsáid trínár suíomh Gréasáin, bealaí meán sóisialta, foilseacháin agus imeachtaí
- Comhlíonann QQI an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

## Tosaíocht Straitéiseach

**#faisnéis -** faisnéis agus deiseanna níos fearr d’fhoghlaimeoirí

**#cosaint -** rialáil neartaithe a chur i bhfeidhm chun foghlaimeoirí a chosaint

**#forbairt -** forbairt soláthraithe a thiomáint agus a spreagadh

**#léargas -** anailís agus léargas údarásach a fhoilsiú

## Príomhchumasóir

**#comhpháirtíocht -** comhpháirtíochtaí straitéiseacha a neartú chun athrú córais a chur i bhfeidhm

**#barr feabhais -** barr feabhais eagraíochtúil a bhaint amach

## Ár bhFís

- Deiseanna breisoideachais agus ardoideachais ilghnéitheacha d'ardchaighdeán a chur ar fáil
- Cáilíochtaí a thairgeadh a bhfuil meas forleathan orthu go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta

## Ár Misean

- Muinín an phobail a choimeád maidir le cáilíocht, ionracas agus clú do na soláthraithe breisoideachais agus ardoideachais in Éirinn
- Eolas údarásach a chur ar fáil faoin raon ilghnéitheach cáilíochtaí atá san áireamh sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

## Ár Luachanna

- Comhoibriú
- Cuimsitheacht
- Páirtíocht
- Trédhearcacht
- Inbhuanaitheacht
- Údarásacht
- Ionracas
- Iontaoibh
- Foghlaim
- Nuálaíocht
- Barr Feabhais

# Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) Ráiteas Straitéise 2022-24

QQI

Quality and Qualifications Ireland
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

Tel: +353 (01) 905 8100
QHelp: http://qhelp.qqi.ie
Suíomh gréasáin: www.qqi.ie
Twitter: @QQI_connect